



Ionadaithe do Chomhairle 2020 – 2025

Jamie Mac Uigínn : Gaoth Dobhair.

Rugadh Jamie i mBéal Feirste ach tógadh é i nGaeltacht Ghaoth Dobhair. D'fhreastail sé ar bhunscoil agus meánscoil lán Ghaelach sula bhain sé céim amach sa 'Dlí agus Polaitíocht' in UCD. Ar an ollscoil bhí sé fite fuaite i saol na Gaeilge ar champas trí a bheith mar 'Mac Léinn Scoláireachta Bord na Gaeilge' agus trí a bheith i mar Reachtaire/Uachtarán ar an Chumann Gaelach. Tá suim mhór aige i gcúrsaí polaitíochta agus siamsaíochta agus tá sé ag súil go mór le glór óige na Gaeltachta a chur chun tosaigh ag cruinnithe de chuid an *Chomhairle* amach anseo.

Ruth Lysaght: Contae na Mí

Is as Contae na Mí do Ruth Nic Giolla Iasachta. Tá PhD aici sna Meán Mhionteangacha ó Ollscoil Auckland na Nua Shéalainne, áit ar chaith sí trí bliana ag déanamh staidéir ar na meáin chraolta Maoirise i gcomparáid leis na meáin Ghaeilge. Tá taithí phraiciteiciúil aici ar seit (cigire scrípte, taighdeoir, scríbhneoir agus cúntóir léirithe) agus tá cur amach aici ar chúrsaí craoltóireachta na Briotáinise freisin, tar éis seal sa Fhrainc. Oibríonn sí mar theagascóir teangacha agus mar aistritheoir.

Siobhán Ní Chróinnín, Baile Bhúirne / Tiobrad Árann

Tógadh Siobhán i nGaeltacht Mhúscraí i gCo Chorcaí agus cáilíodh í mar mhúinteoir Bunscoile in 2013. Tá 7 bliana caite aici ag obair mar mhúinteoir bunscoile i nGaelscoil PhortLaoise. Tá suim mhór aici sa Ghaeilge agus sa cheol, sa drámaíocht agus san amhránaíocht.

Ceithleann Ní Dhulacháin, Gaoth Dobhair

Is as Ard na Carraige, Doirí Beaga, Gaoth Dobhair í Ceithleann agus í anois ag cur fuithi i mBaile Átha Cliath, mar a bhfuil sí i mbun MA I scríobh agus i gCumarsáid na Gaeilge. Tá sí mar oifigeach Gaelbhratach le Gaellinn, agus mar mheantóir le Bord na Gaeilge UCD.

Jamie Ó Flannúra: An Daingean, Co Ciarraí / Corcaigh.

Is múinteoir bunscoile é Jamie agus é ag obair i nGaelscoil i gCorcaigh faoi láthair. Tá ana-shuim aige sa Ghaeilge agus bíonn sé ag glacadh páirte ar staitse san amharclann 'Siamsa Tíre' i dTrá Lí ag déanamh aisteoireacht, rince gaelach agus ag canadh chun an cultúr Gaelach a chur chun cinn trí dramaí éagsúla. Tá an-shuim aige sna meáin chumarsáide (Teilifís agus Raidió) agus an slí ina bhfuil siad ag diriú ar seónna éagsúla chun an Ghaeilge a chur chun cinn'

Dónall Ó Cnámhsí, Gaoth Dobhair.

As an Ghlaisigh i nGaoth Dobhair é Dónall Ó Cnámhsí agus tá cáilíochtaí sa phleanáil teanga aige. Bhíodh sé fostaithe ina gharraíodóir i bPáirc Náisiúnta Ghleanna Bheatha. Tá Dónall anois ag obair mar Oifigeach Pleanála Teanga san Iarthuaiscirt. Tá sé pósta le beirt clainne air. Tá suim mhór aige ins na réimsí nua teilifíse atá á fhorbairt.

Máire Áine Uí Ailín, Connamara

Is as Eanach Mheáin ó dhúchas do Mháire-Áine Uí Ailín, ach cónaí uirthi anois i gCladhanch, An Cheathrú Rua. Tá taithí leathan aici ag plé le cúrsaí ealaíne, óige agus forbartha pobail. Tá tréimhsí caite aici ag obair leis na heagraíochtaí Pléaráca Teo. agus Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tá sí fostaithe mar Oifigeach Pleanála Teanga i gCeantar na nOileán agus freagrach as cur i bhfeidhm an togra pleanála teanga 'Glór na nOileán'.

Niamh Ní Chonghaile, Connamara.

Is Ros Dugáin in Iorras Aithneach, Connamara, í Niamh Ní Chonghaile. Tá céim onóracha aici i nGaeilge agus tá an-spéis aici i gcur chun cinn na Gaeilge. Tá sí ag obair le obair in eagraíocht Gaeltachta ina bhfuil caomhnú agus neartú na teanga mar phríomhaidhm. Is breá leí a bheith ag imirt peil Ghaelach don chumann áitiúil agus leanann sí na sraitheanna agus craobhchomórtais Ghaelacha go díograiseach. Is cláir spóirt, faisnéise agus coirdhrámaí is mó a thaitníonn leí.

Dáithí Ó Murchú, Baile Átha Cliath

Iar phríomhoide Gaelscoile é Daithí, agus tá saol caite leis an nGaeilge agus ag bunú scoileanna le gaeilge agus ag cabhrú le scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna ar fud ne tíre. Faoi lathair tá sé mar Chathaoirleach ar Ghaelscoil Cholaiste Mhuire. Caitheann sé tréimhsí sa Ghaeltacht (i gCiarraí agus Corr na Móna) agus tá suim mhór aige sa lúthchleasaíocht.

Catherine Quinn

As Chontae Fhear Manach í ó dhúchas ach tá sí ina cónaí i mBaile Átha Cliath le breis agus fiche bliain anois. Ní raibh an Ghaeilge sa bhaile aici ach thosaigh sí dá foghlaim nuair a bhí sí sa mheánscoil agus chaith sí seacht samhradh as a chéile ag freastal ar Choláiste Bhríde, Rann na Feirste. I ndiaidh BA agus MA a bhaint amach sa COBÁC, d'oibrigh sí le Roinn Bhéaloideas Éireann. I 2003, chaith sí bliain ag staidéar i nGaeltacht Ghaoth Dobhair, agus thosaigh ag obair in earnáil neamhspleách léiriúcháin. Chaith sí seal ag obair le Unique Media agus anois tá sí mar Bhainisteoir Cumarsáide leis An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

Máirtín Seoige, Conamara

Is scoláire dlí é Máirtín Seoige in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is de bhunadh na Gaeltachta é agus is as Ros Cathail, Co. na Gaillimhe é. Tá sé ag obair mar láithreoir raidió le Raidió Rí-Rá agus tá cleachtadh aige ar chúrsaí láithreoireachta agus craolacháin.

Orlaith Ruiséal, Corca Dhuibhne

Is ó Bhaile an Fheirtéaraigh í Orlaith Ruiséal; tá sí ag obair le Comharchumann Forbartha Chorca Dhuibhne, ina Stiúrthóir ar Tús Maith, eagrais tacaíochta do thuismitheoirí atá ag tógaint clainne le Gaeilge. Tá taithí leathan ag Orlaith ag stiúradh tograí a thacaíonn le saibhriú agus forbairt na teangan i measc an aois óig.

Ríognach Nic Craith, An Rinn

Thug Ríognach roinnt mhaith blianta ina cónaí thar lear, sular bhog sí abhaile go dtí an Rinn lena clann a thógaint sa Ghaeltacht. Tá céim aici sa Ghaeilge agus matamaitic agus céim mháistreachta aici sa ghnó. Tá sí faoi lathair ag múineadh i meánscoil áitiúil agus chaith sí seal ag obair i Scoil na Leanáí i gColáiste na Rinne. Is bean an tí í do dhéagóirí agus ábhair oidí a thagann ar chúrsaí Gaeilge go dtí Coláiste Na Rinne. Tá suim mhór aici sa cheol, agus bíonn sí ag múineadh amhránaíochta do dhaoine óga. Tá sí mar Chathaoirleach ar Chomhairle Pobail na Rinne ó 2007.

Úna-Minh Caomhánach (Ciarraí / Co Lú)

Is ó Chiarraí ó dhúchas í Úna-Minh Caomhánach agus is iriseoir, scríobhnoirí agus cruthaitheoir ábhar ilmheán í. D'fhoilsigh sí a céad leabhar 'Anseo' faoi New Island Books in 2019, scéal a thug léargas ar a saol ag fás aníos i gCiarraí agus a léirigh téamaí a bhain le Gaeilge, aitheantas, agus cníochas. Thug Úna-Minh leí gradam 'Gníomhaí Sosialta' le U Magazine in 2017 as a feachtas "We Are Irish" agus tá sí anois ag rith an suíomh idirlínn, WeAreIrish.ie. Is Blaggadóir í agus Imreoir Cluichí Beo-shrutha. Tá céim BA sa Ghaeilge agus san Iriseoireacht aici ó DCU agus taithí craoltóireachta as Gaeilge agus as Béarla aici ó 2017. Tá sí paiseanta faoi labhairt na teanga, agus is Gaelainn na Mumhan atá aici!

Cathaoirleach, Frank Reidy (ionadaí Bord TG4)